



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2005

An tÚdarás Árachas Sláinte


Teach na Canála, Bóthar na Canála


Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Gréasán: www.hia.ie






THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2005





Clár

	Leathanach
1. Ráiteas an Chathaoirligh	4
2. Comhaltaí agus Foireann an Údaráis	6
3. Feidhmeanna an Údaráis	8
4. Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh	9
5. Clárú Gnóthais Sochair Sláinte	10
6. Ceisteanna Táirge	10
7. Leasa Tomhaltóirí	11
8. Cothromaithe Fiontar	12
9. Ceisteanna Iomaíochta	14
10. Sochair Íosta	14
11. Iontráil Margaidh	14
12. Taighde Coimisiúnaithe	14
13. Comhshaol Polasaithe	15
14. Áiseanna	15
15. Straitéis	16
16. Rialú Corparáideach	17
17. Cuntais	19

Aguisín A – “Staitisticí a Bhaineann le Margadh Árachas Sláinte Priobháideach in Éirinn”

Aguisín B – “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte”


1. Ráiteas an Chathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais den Údarás Árachas Sláinte (“an tÚdarás”) a chur i láthair den bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2005. Agus sin á dhéanamh, ba chóir dom mo cheapachán féin a chur in iúl mar Chathaoirleach a thosaigh ar 1 Feabhra 2006, an dáta ar a ndeachaigh tréimhse oifige cúig bliana An tOllamh Alastair Wood in éag.

Ba bhliain chinniúnach an bhliain seo caite don Údarás, go háirithe maidir le cothromaithe fiontar. Le linn na bliana mhol an tÚdarás, dhá uair, gur chóir tús a chur le híocáíochtaí cothromaithe fiontar. Tabharfar mionsonraí ar na próisis as ar táinig na moltaí seo níos faide anonn sa tuarascáil seo. Mar a tharla, chinn an Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí i mí na Nollaig, 2005 gur chóir tús a chur le híocáíochtaí cothromaithe fiontar ó 1 Eanáir, 2006. Tar éis mholtaí an Údaráis agus chinneadh an Tánaiste agus an Aire Sláinte agus Leanaí, cuireadh tús le caingean dlí le dul i ngleic leis an mholadh agus leis an chinneadh a glacadh. Tá an caingean seo idir lámha.

San áireamh leis an obair a rinneadh i 2005 bhí críochnaíodh dara suirbhé mór an Údaráis ar iompar agus dearcaidh thomhaltóirí árachas sláinte príobháideach. Thaispeáin toradh an tsuirbhé cé gur mhéadaigh eolas agus tuiscint an tomhaltóra ar cheisteanna árachas sláinte ó chéad suirbhé an Údaráis (foilsíodh toradh an tsuirbhé seo i 2003), tá neamhshiméadracht shuntasach eolais ann laistigh den mhargadh go fóill. Le dul i ngleic leis seo, tá straitéis ag an Údarás le cur in iúl do thomhaltóirí faoina gcearta agus le cabhrú leo táirgí árachas sláinte a thuiscint agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Leanann an tÚdarás leis ag cabhrú le tomhaltóirí ar bhealaí eile, mar shampla, trí fhreagairt a thabhairt ar líon mór ceisteanna tomhaltóirí agus trí chabhrú leo conspóidí a réiteach le hárachóirí.

Ar iarratas an Tánaiste agus an Aire Sláinte agus Leanaí, i 2006 tabharfaidh an tÚdarás aire speisialta ar fheasacht an tomhaltóra a mhéadú ar chearta chun bogadh idir soláthróirí árachais agus i gcomhpháirt leis an Údarás lomaíochta, tabharfaidh sé faoi staidéir ar lomaíocht i margadh árachas sláinte.



Tá lúcháir orm obair agus diongbháilteacht Chomhaltaí an Údaráis le linn 2005 a aithint. Ba mhaith liom ionchur substaintiúil mo réamhtheachtaí, go hairithe, An tOllamh Alastair Wood, agus iar-Bhall an Údaráis, An tUasal Tom Greene, i dtaca le hobair an Údaráis le cúig bliana anuas a aithint. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Uasal Dónall Curtin i ndiaidh a cheapacháin ar an Údarás ag an Tánaiste. Ina theannta sin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Tánaiste agus leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an Iníon Mary Harney T.D., agus le feidhmeannaigh a Roinne as a dtacaíocht le linn 2005. Mar fhocal scoir, léiríonn an tÚdarás a bhuíochas as an obair déanta i 2005 ag an iar-Phríomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir, an tUasal Dermot Ryan agus ag foireann eile an Údaráis. D'fhill an tUasal Ryan ar an Roinn Sláinte agus Leanaí in Aibreán 2006, lena théarma in oifig comhlíonta aige, agus guíonn an tÚdarás gach rath air sa todhchaí. Is le háthas a aithníonn an tÚdarás ceapachán an Uasail Liam Sloyan a ghlacann áit an Uasail Ryan. Is Iar-Cheannaire ar Sheirbhísí Comhlíonta leis an Údarás é an tUasal Sloyan.



J Joyce
Cathaoirleach

12 Meitheamh, 2006

2. Comhaltaí agus Foireann an Údaráis

Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí na daoine a leanas mar Chomhaltaí an Údaráis go ceann tréimhse cúig bliana a chríochnaigh ar 31 Eanáir, 2006.



An tOllamh Alastair Wood (*Cathaoirleach*)
Ollamh Emeritus sa Mhatamaitic Fheidhmeach
Comhalta Oinigh den Chumann Achtúirí in Éirinn



An Iníon Mary Doyle
Sainchomhairleoir Eacnamaíochta agus Gnó



An tUasal Tom Greene
Cuntasóir



An Iníon Anne Maher
Príomh-Fheidhmeannach, An Bord Pinsean



An tUasal Aidan O'Donnell
Príomh-Achtúire, Hartford Life
Comhalta den Chumann Achtúirí in Éirinn

Cheap an Tánaiste an tÚdarás nua ar 1 Feabhra, 2006 mar atá léirithe ar leathanach 22.

Bainistíocht

Is é a leanas Foireann Bainistíochta an Údaráis 2005:



An tUasal Dermot Ryan
Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir



An Iníon Nora Rahill
Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás



An tUasal Liam Sloyan
Ceannaire Seirbhísi Comhlíonata



An tUasal Brian Turner
Ceannaire Taighde/Seirbhísi Teicniúla



Tá oifigí An Údaráis Árachais lonnaithe ag Teach Canála, Bóthar Canála, Baile Átha Cliath 6.
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Ríomhphost: info@hia.ie
Gréasán: www.hia.ie

3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás trí Ordú Aireachta ar 1 Feabhra, 2001¹ faoin Acht Árachas Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an achta seo, an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2001 agus an tAcht Árachas Sláinte (Leasú) 2003 (“na hAchtanna Árachas Sláinte”). Soláthraíonn an reachtaíocht d’fheidhmiú agus do rialú gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn.

An tAontas Eorpach “An tríú Treoir Árachas Neamh-Saoil” (“an Treoir”)² a leagann amach na riachtanais don mhargadh inmheánach do Bhallstáit maidir le hárachas neamh-saoil, sláinte árachais san áireamh. Ligeann sí do Bhallstáit aonair glacadh leis na riachtanais seo ar leith ar dhóigh is iomchuí dá gcórais dhleathacha náisiúnta agus dá gcórais náisiúnta cúram sláinte. Rinneadh an Treoir a mhalartú isteach go dlí na hÉireann trí achtú Achtanna Árachas Sláinte a chumhdaíonn na ceithre phrionsabal d’árachas sláinte príobháideach in Éirinn, eadhon, grádú pobail, rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochair íosta.

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis mar a sholáthair dó sna hAchtanna Árachas Sláinte:

1. tuairisceáin a tugadh dó faoi Scéim Chothromaithe Fiontar 2003 a mheas agus a scagadh agus tuairisc a ullmhú agus a thabhairt don Aire maidir le –
 - (a) an meastóireacht agus scagadh seo, agus
 - (b) ábhair ag baint le gnó árachas sláinte a dhéanamh agus imeachtaí maidir le hárachas sláinte go ginearálta a cheapann an tÚdarás ar chóir é a chur sa tuairisc de bharr an mheasúnaithe agus an scagtha;
2. a ról a chomhlíonadh (cur síos mion déanta in Alt 8 den tuairisc seo) maidir le cinneadh an Aire ar cé acu ba chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar nó nár chóir;
3. an próiseas cothromaithe fiontar a bhainistiú agus a riaradh agus an ciste chothromaithe fiontar a chothabháil agus tuarascáil bhliantúil a dhéanamh don Aire ag déanamh measúnú ar oibriú na scéime do gach tréimhse 12 mí ina ndéantar íocaíochtaí ar bith cothromaithe fiontar;
4. “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” a chothabháil;
5. comhairle a chur ar an Aire (ar iarratas an Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le:
 - (a) a f(h)eidhmeanna faoi na hAchtanna Árachais Sláinte;
 - (b) feidhmeanna an Údaráis féin; agus
 - (c) árachas sláinte go ginearálta;
6. monatóireacht a dhéanamh ar:
 - (a) oibriú na nAchtanna Árachas Sláinte;
 - (b) gnó árachas sláinte a dhéantar; agus
 - (c) imeachtaí árachas sláinte go ginearálta.

Tá an tÚdarás cumhachtaithe chun cumhacht ar bith a chleachtadh de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is féidir leis an Aire tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a sholáthraítear dó sna hAchtanna.

¹ An tAcht Árachas Sláinte, Ordú 1994 (An Lá Bunaithe), 2001. (S.I. Uimh. 40 as 2001).

² Treoir na Comhairle 92/49/EEC 18 Meitheamh, 1992 ar chomhordú dlíthe, rialacha agus forálacha riarachán ag baint le hárachas díreach agus árachas saoil eile agus Treoir leasaithe 73/239/CEE agus 88/357/EEC (an tríú Treoir árachas neamh-shaoil). (OJ L 228, 11.8.1992, lch.1).

4. Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh

Mar atá ráite cheana, tá an córas rialúcháin árachas sláinte príobháideach bunaithe ar na heochairphrionsabail de ghrádú pobail, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochair íosta agus is é is aidhm dó a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh siúd a bhfuil an gá is mó leis. Níl go leor maoinithe ag an chóras a chiallaíonn nach gcuirtear leis an chiste le linn shaol an duine árachaithe chun a gcostais éilimh ionchais a chlúdach. Ina áit sin, cuirtear an t-airgead a chuireann daoine árachaithe i gcistí ag gach árachóir agus glactar costais éilimh i mbliain ar bith as na cistí seo.

Is sa chomhthéacs seo is gá coincheap grádaithe pobail a thuiscint. Is é an chiall atá leis seo nach dtéann baol tomhaltóir ar leith ar an árachóir i bhfeidhm ar an phréimh a íoctar. Is é sin le rá, iarrtar an phréimh chéanna ar gach duine ar son plean ar leith, beag beann ar aois, inscne agus ar riocht a sláinte faoi láthair nó amach anseo faoi réir eisceachtaí maidir le páistí faoi ocht mbliana déag d'aois, mic léinn ar oideachas lánaimseartha agus baill grúpscéimeanna.

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil, ach i bhfíorbheagán cásanna sonraithe sa reachtaíocht, go mbíonn ar árachóirí glacadh le gach iarratasóir le haghaidh árachas sláinte agus tá an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar a pholasaithe beag beann ar a n-aois nó stádas sláinte geallta do gach tomhaltóir.

Faoi sochair íosta is gá gach táirge árachais a chuimsíonn cumhdach do chóireáil othar cónaitheach íosleibhéal ar leith sochair a sholáthar. Glactar leis go bhfuil sé riachtanach an t-íosleibhéal a rialú toisc an sainchineál casta táirgí árachas sláinte príobháideach, agus gan rialú air seo, d'fhéadfai tomhaltóirí a sholáthar le táirgí nach soláthraíonn leibhéal cuimsitheach cuí cumhdaigh.

5. Clárú Gnóthais Sochair Sláinte

Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil “An Chláir Gnóthais Sochair Sláinte” (“an Clár”). Soláthraíonn Alt 14 den Acht Árachas Sláinte, 1994 go gcaithfidh árachóir árachais ar bith, a dhéanann gnó árachas sláinte in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh. Tá gá le hiarratais chun clárú um athnuachan go bliantúil. Soláthraíonn árachóir sláinte mionsonraí ar a tháirgí sláinte árachais don Údarás agus déantar athbhreithniú ar na táirgí lena chinntiú go gcomhlíonann siad Achtanna Árachas Sláinte. Eisítear teastas don árachóir sláinte ag dearbhú gur féidir leis an árachóir árachas sláinte príobháideach, de réir téarmaí a rialacha agus a reachtaíochta baintí, a thairiscint. Ní iarrtar táillí ar son eisiúint an teastais seo. Is gá d’árachóir sláinte a chuir deireadh leis an obair sna 12 mí roimhe, cur in iúl don Údarás faoi seo agus bainfead an t-árachóir sláinte den Chlár


Tá dhá chineál árachóir sláinte ann. Is árachóirí sláinte iad na gnóthais ballraíochta oscailte ar gá dóibh glacadh le gach tomhaltóir ar mhian leis árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar atá sonraithe sa reachtaíocht). Is scéimeanna gairme iad Gnóthais Srianta go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith.

Tá na hárachóirí sláinte ar “An Clár Gnóthais Sochair Sláinte” ar 31 Nollaig, 2005 liostaithe in Aguisín B.

6. Ceisteanna Táirge

Ar mhaithe le leasa tomhaltóirí a chosaint, déanann an tÚdarás monatóireacht ar tháirgí árachas sláinte atá ar díol in Éirinn chomh maith le táirgí eile ar féidir tionchar bheith acu ar an mhargadh árachas sláinte príobháideach, amhail pleannanna airgead tirim ospidéal agus polasaithe géarthinneas. Déanann sé monatóireacht chomh maith ar an dóigh a ndéantar táirgí a fhógairt agus a dhíol agus bhí roinnt cainteanna le soláthróirí árachas sláinte faoi phróisis gearáin.

Le linn 2005, seoladh roinnt táirgí nua ar an mhargadh. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mhionsonraí na dtáirgí le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha Achtanna Árachas Sláinte agus rialúcháin bainteach leis. Rinne an tÚdarás athbhreithniú chomh maith ar chonarthaí árachais sláinte atá ar tairiscint ag comhaltas srianta gnóthais agus d’aimsigh sé roinnt ceisteanna maidir le comhlíonadh le reachtaíocht árachais sláinte. Cuireadh iad siúd ar shúile na ngnóthas bainteach agus réitíodh iad go ginearálta trí leasuithe cuí ar rialacha táirgí.



7. Leasa Tomhaltóirí

Déanann an tÚdarás iarracht le cur in iúl do thomhaltóirí faoina gcearta agus le cabhrú leo iad a thuiscint agus iad a chur i gcomparáid le táirgí árachas sláinte agus, i 2005, d'fhoilsigh siad fógraí ar mhór-nuachtáin chun feasacht tomhaltóirí a spreagadh faoin chabhair a thugann an tÚdarás maidir leis seo. Mhéadaigh an leibhéal teagmhála go suntasach idir an tÚdarás agus tomhaltóirí arís eile i 2005, le linn an ama seo tugadh 2200 cuairt sa mhí ar líonláithreán an Údaráis. Bíodh sin mar atá, cé go gcuireann taighde a d'fhoilsigh an tÚdarás i 2005 (féach Alt 12), gur méadaigh eolas tomhaltóirí ó d'fhoilsigh an tÚdarás an suirbhé i 2003, cinntíonn sin go bhfuil easnamh faisnéise ann i measc tomhaltóirí agus daoine nach tomhaltóirí iad araon agus oibreoidh an tÚdarás leis le dul i ngleic leis seo.

I 2005, tugadh isteach Rialúcháin an Achta Árachas Sláinte, 1994 (Rollú Oscailte), 2005 [Ionstraim Reachtuil Uimh. 332 de 2005]. Roimh thabhairt isteach na Rialúcháin úd, thiocfadh le hárachóirí conradh árachas sláinte a chur i bhfeidhm ar dhuine thar 65 bliana d'aois nó níos aosta a dhiúltaí. Fuair na rialúcháin réite den fhoráil seo. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le tomhaltóirí a d'fhiosraigh an scéal seo roimhe agus chuir sé in iúl dóibh faoin athrú don reachtaíocht.

I Nollaig 2005, d'iarr an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí go dtabharfadh an tÚdarás aird speisialta ar an cheist faoi fheasacht tomhaltóirí ar a gcearta chun bogadh idir árachóirí a fheabhsú faoin chreatlach rialúcháin a bhí i bhfeidhm faoi láthair agus chun céimeanna a thabhairt chun cearta iniompaíochta an duine árachaithe a thabhairt chun solais. Rachaidh an tÚdarás sa tóir air seo i 2006.

Déanann an tÚdarás síor-mhonatóireacht ar feidhmiú an mhargaidh árachas sláinte ó pheirspictíocht an tomhaltóra agus an rialúcháin araon agus tógann sé ceisteanna a thagann ó árachóirí mar is cuí.

Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Fuair an tÚdarás 230 ceist agus gearán ó bhaill an phobail i 2005, sin líon dúbailte ar an méid a fuair siad i 2004. Is iad seo na hábhair is mó a tógadh:

- iarratas ar fhoilseacháin an Údaráis, 'Táirgí Árachas Sláinte Príobháideach a Thuiscint agus a Chur i gComparáid' go háirithe,
- ceisteanna faoi chumhdach árachais do dhaoine thar 65 bliana d'aois i ndiaidh na n-athruithe sa reachtaíocht agus,
- cearta tomhaltóirí maidir le tréimhsí feithimh.

8. Cothromaithe Fiontar

Is próiseas é cothromaithe fiontar a bhfuil an aidhm aige chun difríochtaí idir costais árachóirí, a thagann aníos de dheasca éagsúlachtaí stádas sláinte a mball, a neodrú, ar bhealach cothromasach. Le cothromaithe fiontar bíonn aistriú íocaíochtaí i gceist idir árachóirí sláinte chun cuid de chostais éilimh ball ardbhaolach a leathnú idir gach árachóir sláinte príobháideach sa mhargadh i gcoibhneas dá sciar den mhargadh. Is gnáthmeicníocht é cothromaithe fiontar i dtíortha le córais árachas sláinte gradaithe pobail.

An Scéim Cothromaithe Fiontar

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí an Scéim Cothromaithe Fiontar de bhun Achtanna Árachas Sláinte isteach agus chuaigh sé i bhfeidhm ar 1 Iúil, 2003. Faoin Scéim (leasaithe), is gá d'árachóirí sláinte tuairisceáin a dhéanamh don Údarás do thréimhsí sé mhí ag tosú ar 1 Iúil, 2003, i.e. bhí na chéad tuairisceáin le bheith ar ais don tréimhse ó 1 Iúil, 2003 go dtí 31 Nollaig, 2003.

Iarrtar ar an Údarás na tuairisceáin meastóireacht agus scagadh a dhéanamh orthu ar mhaithe le difríochtaí a fháil amach, más ann do cheann ar bith, maidir le cineál agus dáileadh ar bhaoil árachaithe i measc árachóirí sláinte. Ón mheastóireacht agus scagadh, tá ar an Údarás an céatadán cothromaithe margaidh (“CCM”) a chinntiú. Ansin, ullmhaíonn an tÚdarás agus tugann sé tuarascáil scríofa don Aire ina mbíonn sonraí ar an mheastóireacht agus scagadh a rinne sé.

Nuair a shocraíonn an tÚdarás, mar thoradh ar a mheastóireacht agus scagadh, nach mbíonn cineál agus dáileadh ar bhaoil i measc árachóirí, de réir an CCM, níos lú na 2%, agus gan é bheith níos mó ná 10%, caithfidh an tÚdarás moladh don Aire a chur ina thuairisc faoi cé acu bachóir dó nó di, nó nár chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar.

Agus an tÚdarás ag déanamh moltaí bhí air aird a bheith aige ar an chritéar faoi leasa foriomlána tomhaltóirí árachas sláinte, ina bhfuil tagairt faoin ghá le haghaidh feidhmiú grádaithe pobail a chaomhnú trasna an mhargaidh d'árachas sláinte agus iomaíocht idir gnóthais a éascú.

Moltaí déanta i 2005

Dhá uair i 2005, i ndiaidh na meastóireachta agus na hanailíse ar thuairisceáin faighte agus machnamh déanta ar aighneachtaí ó árachóirí sláinte, mhol an tÚdarás gur chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar. I ndiaidh an dara huair don Údarás a leithéid de mholadh a dhéanamh chinn an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí gur chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar ó 1 Eanáir, 2006.

Moladh ag eascairt as an anailís faighte i Mí Eanáir, 2005

Bhí an tríú tacar de thuairisceáin ó árachóirí, a bhain leis an tréimhse 1 Iúil 2004 go dtí 31 Nollaig 2004, faighte ag an Údarás ag Deireadh Mhí Eanáir 2005. Óna mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin, shocraigh an tÚdarás go raibh an CCM 4.7%.

I Márta 2005 mhol an tÚdarás, i ndiaidh an anailís agus a mheastóireacht ar na tuairisceáin agus ag féachaint do leasa iomlána tomhaltóirí, le moladh don Tánaiste agus don Aire Sláinte agus Leanaí le tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar.

I ndiaidh machnamh ar aighneachtaí déanta ag na hárachóirí i gceist mar fhreagairt ar mholadh an Údarás, ar a dtéann seo i bhfeidhm, chloígh an tÚdarás lena mholadh a mholfar agus ina Thuairisc Aibreán 2005 chuig an Tánaiste agus an Aire Sláinte agus Leanaí, mhol sé gur chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar.



I Meitheamh 2005, chuir an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí in iúl d'árachóirí sláinte, agus machnamh déanta aici ar Thuarascáil an Údaráis a mholadh gur chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar, ba é a socrú a mholfar gur chóir tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar ó 1 Iúil 2005 agus d'iarr ar árachóirí aighneachtaí a dhéanamh. Agus na haighneachtaí faighte agus machnamh déanta orthu, chinn an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí ar 27 Meitheamh 2005 gan tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar.

I mí Bealtaine 2005, tugadh deis do BUPA caingean athbhreithnithe breithiúnach a iarraidh le dul ar lorg faoiseamh ar leith, ordú chun moladh an Údaráis a chur ar ceal san áireamh. Mar gheall ar chinneadh an Tánaiste agus an Aire Sláinte agus Leanaí ag deireadh Mhí Meithimh, ní dheachaigh BUPA ar aghaidh leis an chaingean seo, rinne siad iarracht athbhreithniú ciallmhar a dhéanamh ar an mholadh a rinne an tÚdarás agus níl an tÚdarás, mar sin de, bainteach leis na himeachtaí níos mó. Beidh an tÚdarás ag iarraidh costais dhlíthiúla a cuireadh air a fháil ar ais ag deireadh an chaingin seo.

Moladh ag eascairt as an anailís ar thuarisceáin faighte i Mí Iúil, 2005

Bhí an ceathrú tacar de thuarisceáin ó árachóirí sláinte don tréimhse 1 Eanáir 2005 go dtí 30 Meitheamh 2005 faighte ag an Údarás ag deireadh Iúil 2005. Óna mheastóireacht agus anailís ar na tuairisceáin, shocraigh an tÚdarás go raibh an CCM 4.2%.

I ndiaidh a mheastóireacht agus a anailís a dhéanamh agus ag féachaint do leasa iomlána tomhaltóirí, scríobh an tÚdarás chuig árachóirí sláinte i Meán Fómhair, ag cur in iúl dóibh go raibh sé de rún ag an Údarás an moladh a chur chun tosaigh arís agus íocaíochtaí cothromaithe fiontar a thosú agus chuir sé fáilte roimh aighneachtaí.

I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar aighneachtaí faighte, chinn an tÚdarás ar chloí leis an mholadh le tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar. Bhí an moladh san áireamh i dTuairisc an Údaráis don Tánaiste agus don Aire Sláinte agus Leanaí.

I Samhain, chuir an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí in iúl d'árachóirí sláinte go raibh sé de rún aici, agus machnamh déanta ar Thuarascáil an Údaráis agus a mholadh, tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar ó 1 Eanáir 2006. Tá an Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí ag iarraidh ar árachóirí aighneachtaí a dhéanamh, agus na haighneachtaí faighte agus machnamh déanta orthu, chinn sí i mí na Nollag le tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar ó 1 Eanáir 2006.

9. Ceisteanna Iomaíochta

Shocraigh an tÚdarás a chaidreamh oibre ar bhonn foirmiúil leis an Údarás Iomaíochta i 2005 trí Chomhoibriú Comhaontaithe a shíniú de réir théarmaí An Achta Iomaíochta, 2002.

I Nollaig 2005, d'fhógair an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí go raibh sí ag iarraidh ar an Údarás agus ar an Údarás Iomaíochta beirt tabhairt faoi staidéar ar an mhargadh árachas sláinte agus le tuairisciú di i 2006.

10. Sochair Íosta

I Meán Fómhair 2005, rinne an tÚdarás aighneacht chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí faoi Rialúcháin Sochair Íosta. (Uimh. 83 de 1996). Chuir an tÚdarás na haighneachtaí a fuair sé le linn próiseas comhairliúcháin ar Rialúcháin Sochair Íosta san áireamh. Tá aighneacht an Údaráis ar líonláithreán na Roinne ag www.hia.ie.

11. Iontráil Margaidh

Fáiltíonn an tÚdarás roimh iarrthóirí nua chuig an mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn agus tá sé ar fáil le bualadh le hiarrthóirí féideartha agus chun comhairle a sholáthar mar is cuí. Oibríonn an tÚdarás go dlúth leis an Rialtóir Airgeadais maidir leis seo.


12. Taighde Coimisiúnaithe

Go mall i 2004, d'eisigh an tÚdarás iarratais faoi choinne tairiscintí ar shuirbhé tomhaltóirí 2003 ina mbeadh an t-eolas is deireanaí. San áireamh leis an liosta a leanas atá príomh-aidhmeanna an tsuirbhé:

- Leibhéal aistrithe idir árachóirí agus próifíl aoise na ndaoine a aistríonn a mheas
- Leibhéal an eolais agus na tuisceana atá ag tomhaltóirí ar an mhargadh agus na táirgí a cheannaíonn siad a fhiosrú
- Sásamh tomhaltóirí lena bpolasaithe a mheas
- Na cúiseanna atá ann chun árachas sláinte príobháideach a ghlacadh nó gan é a ghlacadh

Bronnadh an tionscadal an ar chuibhreannas a bhí faoi stiúir Insight Statistical Consulting, agus rinneadh obair allamuigh an tsuirbhé i mí an Mhárta/mí Aibreáin 2005. Foilsíodh toradh an tsuirbhé i Meán Fómhair 2005 agus tá sé ar fáil ar líonláithreán an Údaráis; www.hia.ie. Fuarthas amach i bpríomhthorthaí an tsuirbhé ná

- D'ardaigh leibhéal árachóirí a d'aistrigh (d'aistrigh 10% de thomhaltóirí árachóirí, i gcomparáid le 6% sa staidéar roimhe seo) ach fanann sé íseal
- D'ardaigh leibhéal an eolais agus na tuisceana go ginearálta i measc tomhaltóirí ón tsuirbhé roimhe seo.



13. Comhshaol Polasaithe

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar cheisteanna bainteach leis an chomhshaol polasaithe, mar shampla reachtaíocht, boilsciú míochaine agus forbartha sa mhargadh cúram sláinte in Éirinn, mar aon le forbartha idirnáisiúnta i gcúram sláinte agus árachas sláinte.

Reachtaíocht

Déanann an tÚdarás monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar fhorbairtí sna réimsí reachtaíochta intíre agus reachtaíocht AE araon, ag déileáil le hárachas sláinte agus réimsí eile bainteacha, amhail árachas agus iomaíocht.

Stádas Corparáideach Vhi Healthcare

D'fhógair an Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, i mí na Nollag, gur cheadaigh an Rialtas dréachtú Bille chun Achtanna Árachas Sláinte Shaorálach a leasú. Ar phríomhfhórlacha an Bhille molta tá:

- (i) saoirseacht tráchtála ar tháirgí agus praghsáil An Árachais Sláinte Shaorálach (VHI),
- (ii) ag cur dualgais ar an Bhord leibhéal cúlchistí riachtanach chun údarú a bhaint amach mar árachóir laistigh de shé bliana.

Dúirt an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí gur sholáthair cinneadh an rialtais reachtaíocht a ullmhú a cheadódh athrú Bord VHI go dtí cuideachta phoiblí theoranta (CPT) mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán 1999. Leis seo dúirt sí go spreagadh cur i bhfeidhm na reachtaíochta forbairt mhór ar iomaíocht sa mhargadh árachas sláinte mar bheadh dualgas ar VHI le feidhmiú faoi choinníollacha mar a bhíonn ar árachóirí eile sa mhargadh.

14. Áiseanna

Foireann

Tá naonúr foirne ag an Údarás. Tá baill na foirne geallta chun seirbhís ghairmiúil a sholáthar don phobal agus don tionscal árachas sláinte.

Maoiniú

Tá oibríochtaí an Údaráis á maoiniú trí cáin a ghearradh ar ghnóthais chláraithe de réir Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994. Is é gnóthas cláraithe an téarma a thugtar ar an árachóir sláinte a dhéanann gnó árachais sláinte in Éirinn. Chun an obair seo a dhéanamh, is gá don árachóir a bheith san áireamh ar “An Clár Gnóthas Sochair Sláinte” atá cothabháilte tríd an Údarás. Is iad na rialúcháin a thug an tAire isteach in 2001a leagann síos an méid atá le híoc ar 0.14% d’ioncam gnóthais cláraithe, atá le híoc ar bhonn ráithiúil. Tá oibleagáid ar ghnóthais cláraithe sonraí d’ioncam agus uimhreacha de dhaoine árachaithe ar a scéim a chur faoi bhráid. Tá achoimre déanta ar na staitisticí seo in Aguisín A. Tá “An Clár Gnóthas Sochair Sláinte” mar atá ag 31 Nollaig, 2005 leagtha amach in Aguisín B.

15. Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a chlúdach.

Fíis an Údaráis

Is í fíis an Údaráis ná “Leas do chách a bhaint amach trí mhargadh iomaíoch árachas sláinte a éascú le linn dó grádú pobail, rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil a chaomhnú”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:


A fhíis a bhaint amach trí:

- *monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte go ginearálta*
- *moltaí a dhéanamh ar chur i ngníomh nó a mhalairt de chothromú fiontar agus bainistiú agus rialú ar scéim ar bith cothromaithe fiontair*
- *comhairle a chur ar an Aire faoi árachas sláinte go ginearálta*
- *cur i ngníomh rialúchán eile bainteach mar atá forordaithe*
- *leasa de thomhaltóirí árachais sláinte faoi láthair agus iad a bheidh ann amach anseo a chosaint.*

Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás luachanna air le cur i bhfeidhm ina ghníomhartha. Is iad luachanna an Údaráis:

- *a neamhspleáchas a choinneáil*
- *gníomhú go neamhchlaontach agus le hionracas i gcónaí*
- *oibriú ar dhóigh ghairmiúil agus éifeachtach*
- *a dhúshláin uathúla a chomhlíonadh, bheith oscailte do smaointe nua agus moltaí ó gach foinse agus nuálach ina chur chuige*
- *trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre uile*
- *meas a bheith acu ar a dhaoine.*



16. Rialú Corparáideacha

Cód Cleachtais

D'ullmhaigh an tÚdarás "Cód Cleachtais le haghaidh Údarás Árachas Sláinte a Rialú" bunaithe ar an "Chód Cleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú" eisithe ag An Roinn Airgeadais i Márta 2002. Tá an tÚdarás géilliúil maidir le forbairt agus forfheidhmiú gach gnáthamh agus treoirlíne rialaithe chorparáidigh agus nuashonraíonn sé an Cód mar is cuí de réir treoirlínte agus reachtaíochta.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh agus cuireadh na Cuntais Bhliantúil do 2005 isteach in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ("an AR&CC") le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig iniúchadh ar na Cuntais seo agus cheadaigh an oifig sin iad agus tá siad leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ag Alt 18. Cloíonn an tÚdarás le doiciméid rialaithe chorparáidigh eisithe ag C&AG i 2003 ag leagan amach na dtreoirlínte agus caighdeán le haghaidh cuntais a ghéilleadh d'iniúchadh.

Eitic in Oifig Poiblí

Tá an tÚdarás san áireamh ar an Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 ar mhaithe leis An Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon na Comhaltaí agus gach ball foirne bainteach an Údaráis a n-oibleagáidí de réir na reachtaíochta seo.

Teangacha Oifigiúla


Cloíonn an tÚdarás le reachtaíocht Teangacha Oifigiúla agus coinníonn sé i dteagmháil leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis seo.

Saoráil Faisnéise

Cuireadh in iúl don Údarás go gcuirfear é leis na comhlachtaí poiblí folaithe ag na riachtanais reachtaíochta Saorála Faisnéise. Chun ullmhú don chomhlíonadh, tá an tÚdarás ag ullmhú foilseachán de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.


Straitéis Chumarsáide

Tá polasaí oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, páirtithe leasmhara agus páirtithe eile a bhfuil suim acu i soláthar seirbhís rialúcháin agus comhlíonadh a fheidhmeanna. Leanfaidh an tÚdarás leis an polasaí seo a chur i bhfeidhm ag dul chun tosaigh le béim á cur ar leasa iomlána tomhaltóirí árachas sláinte.






THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY



Cuntais 2005



17. Tuarascáil agus Cuntais

don bhliain 1 Eanáir 2005 go dtí 31 Nollaig 2005

Don Aire Sláinte agus Leanáí

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus Cuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2005.

Clár	Page
Eolas faoin Údarás	22
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	23
Ráiteas ar an Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach	25
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	27
Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta	28
Ráitis Airgeadais	29

Eolas faoin Údarás

Comhaltaí an Údaráis

An tOllamh Alastair Wood (Cathaoirleach),
téarma dar críoch Eanáir, 2006
Jimmy Joyce (Cathaoirleach), *téarma a thosaigh Feabhra, 2006*
Dónall Curtin, *téarma a thosaigh Feabhra, 2006*
Mary Doyle, *athcheaptha Feabhra, 2006*
Tom Greene, *téarma dar críoch Eanáir, 2006*
Anne Maher, *athcheaptha Feabhra, 2006*
Aidan O'Donnell, *athcheaptha Feabhra, 2006*

Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan, ceaptha 6 Márta, 2006

Rúnaí

Nora Rahill, ceaptha 4 Iúil, 2005

Baincéirí


AIB plc.
40/41 Westmoreland Street
Baile Átha Cliath 2

Iníúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canála
Bóthar na Canála
Baile Átha Cliath 6



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoi Alt 32 den Acht Árachais Sláinte, 1994.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Alt 32 den Acht Árachais Sláinte, 1994, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúil coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críoche m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.


Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúil coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar cheann an

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh, 2006



Ráiteas ar an Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Ráiteas ón Chathaoirleach maidir le measúnú rialaithe inmheánach airgeadais den Údarás Árachas Sláinte de réir mar is gá in alt 10.2 (iii) faoin “Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” ceadaithe ag Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001

1. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é Bord an Údaráis atá freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánach an Údaráis Árachas Sláinte.
2. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí gur féidir lena leithéid de chóras rialaithe airgeadais inmheánach rátháiocht réasúnta a sholáthar agus nach féidir leis rátháiocht iomlán a sholáthar go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta go hiomchuí agus go gcuirtear cosc ar earráid ábhair nó go dtiocfar orthu ar bhealach tráthúil.
- 3-4 Leag Comhaltaí an Údaráis na heochairghnáthnaimh a leanas seo amach a dearadh le rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás: -

Mar a solathraíodh dó in Alt 26(5) d’Acht Árachas Sláinte, 1994, is é an Príomh-Fheidhmeannach/ Cláraitheoir (“an PF”) atá freagrach as gnó agus bainistíocht an Údaráis a dhéanamh agus as rialú ginearálta an riaracháin agus gnó an Údaráis agus comhlíonfaidh sé cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D’aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurbh iad an PF agus an fhoireann atá freagrach as cúrsaí oibríochtúla. Freagraíonn an PF do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dhéantar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Ghlac na Comhaltaí le Cód Cleachtais le haghaidh Údaráis Árachas Sláinte a Rialú bunaithe ar Chód Cleachtais Comhlachtaí Stáita Rialú na Roinne Airgeadais. Ghlac na Comhaltaí le Rialacha maidir le Gnáthnamh agus Gnó Chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Cuireann an tÚdarás gnáthnaimh airgeadais i bhfeidhm ag leagan amach na n-orduithe airgeadais, nótaí ar ghnáthnaimh agus cleachtais thairmligthe. Déanann an Coiste Iniúchta agus Airgeadais athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta, ráitis airgeadais buiséadú agus airgeadais gnáthaimh ginearálta. Tháinig an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe airgeadais bainteach leis an bhliain 2005. Fostaíodh comhairleoirí, cuntasóirí agus comhairleoirí iniúchta inmheánaigh san áireamh, in eochairlimistéar nuair a mheastar go raibh a leithéid de sheirbhísí cuí.

Chuir an tÚdarás córas bogearraí ríomhairí i bhfeidhm ina bhfuil pacáiste cuntasáiochta agus pacáiste párolla chun rialú airgeadais inmheánaigh an Údaráis a éascú.

De thairbhe mhéid na heagraíochta agus líon na foirne fostaithe, d’fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasáiochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht airgeadais tuairiscithe mhíosúil a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta agus na buiséid san áireamh.

Rinne an tÚdarás athbheithniú iniúchta inmheánaigh ar an Údarás agus ar a ghnó Deireadh Fómhair 2004 agus tuigtear go mbeidh an chéad athbheithniú iniúchta inmheánaigh eile ann i 2006. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun an anailís seo a dhéanamh, a raibh rannpháirtíocht iomlán Comhaltaí agus fhoireann an Údaráis ann chun rioscaí féideartha a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta. Chinntigh an tuarascáil iniúchadh inmheánach eisithe ag na comhairleoirí nár aimsigh siad mór-laigí san eagraíocht agus go raibh córas rialú airgeadais inmheánach éifeachtach ag an Údarás.


Dearbhaím cé nach ndearnadh athbheithniú foirmiúil ar an chóras smachta inmheánach le linn na bliana, gur coinníodh an tÚdarás an córas faoi athbheithniú ar bhonn leanúnach.

Sínte thar ceann Chomhaltaí an Údaráis



J Joyce
Cathaoirleach An tÚdarás Árachas Sláinte

12 Meitheamh, 2006



Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

De réir Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, tá riachtanas ar Chomhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú i gcbé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte agus Leanaí comhairliúchán tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Is gá don Údarás, agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais úd:

- Polasaithe cuntasaiochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Cur in iúl cé acu ar leanadh caighdeáin cuntasaiochta nó nár leanadh, ag brath ar imeacht suntasach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar ghnóthas leanúnach ach nuair nach bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh d'oibriocht an Údarás amach anseo.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuntas chúí a choinneáil, a nochtann ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith riocht airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas lena chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus chun céimeanna réasúnta a thabhairt chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.



Cathaoirleach



Comhalta

12 Meitheamh, 2006

Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta

Is iad a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlacadh sna ráitis airgeadais:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta ginearálta agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Bhord um Chaighdeáin Cuntasaíochta.

Ioncam Cánach (meastachán don cheathrú deiridh)

Léiríonn ioncam cánach an méid measta ag an Údarás bheith inbhailithe i dtaca leis an tréimhse. Cuireann sé san áireamh iocaíochtaí déanta don Údarás de réir Achtanna Árachas Sláinte, 1994 - 2003 agus déantar réasúnta an méid sin a sheiceáil in éadan an ioncaim cánach lena mbeifear ag súil bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna árachas sláinte príobháideach.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Maítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach. Áirítear an dímheas, a ghearrtar ar an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costais na sócmhainní seasta a dhíscríobh ar a saol úsáideach mar a mheasta, faoin mhodh dronlíne ar ráta bliantúil 331/3% do threalamh ríomhaireachta agus 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear é.

Airgeadraí Eachtrannacha

Déantar idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha a mhalartú go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Déantar sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais a dhéantar in airgeadraí eachtrannacha a mhalartú go euro ar rátaí malairte ar rialú ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus cailteanais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachas Sláinte, 1994, is féidir leis an Údarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú ar bhaill fhoirne an Údaráis. Tá próiseas idir lámha ag an Údarás chun an socrú deireanach a dhéanamh faoin chineál sin scéime i gcomhar leis an dá Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail choinnithe ag an Údarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam iad. Tá an tÚdarás ag soláthar le haghaidh ranníocaíochtaí fostóirí don Scéim. Ar mhaithe le Caighdeán Airgeadais Tuairiscithe 17, measann an tÚdarás go bhfuil an scéim ar choibhéis le scéim ranníocaíochta shainmhínithe, ina bharúil féin, agus cuireadh san áireamh é.

Cúlchiste Ginearálta

De réir mar a fhorbraíonn ról an Údaráis mar rialtóir agus comhairleoir ar an Mhargadh Árachas Sláinte, méadaíonn an fhéidearthacht do chostais bhreise ag éirí as cúinsí eisceachtúla. Táthar ag súil go ndéileálfar le dliteanas a tharlaíonn sa chás seo ag an Cúlchiste Ginearálta.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachas

don bliain dar críoch 31 Nollaig, 2005

	Nótaí	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2005 €	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2004 €
Ioncam	1	1,617,341	1,485,628
Costais Riaracháin	2	(1,603,776)	(1,174,390)
Caiteachas iomarcach thar ioncam/ioncam thar caiteachas		13,565	311,238
Ús Infhaighte		26,476	19,746
Deontas Bunaithe		0	507,895
Barrachas don tréimhse		40,041	838,879
Barrachas Carnach ag tús Tréimhse		568,593	287,609
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	8	(50,000)	(557,895)
Barrachas Carnach ag deireadh tréimhse		558,634	568,593

Níl gnóthachain nó cailteanais le haithint, ach iad siúd lena ndéileáladh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



Cathaoirleach



Comhalta

12 Meitheamh, 2006

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo atá an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig, 2005

	Nótaí	2005 €	2004 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	59,536	129,353
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead tirim		2,020,412	1,485,252
Aisíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	5	443,610	383,677
		2,464,022	1,868,929
Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidmheastóirí agus fabhrúithe	6	(857,029)	(371,794)
Sócmhainní reatha glan		1,606,993	1,497,135
Sócmhainní iomlána líúide dliteanais reatha		1,666,529	1,626,488
Sócmhainní glan		1,666,529	1,626,488
A chiallaíonn			
Ioncam iomarcach carnach thar chaiteachas	8	558,634	568,593
Cúlchiste Ginearálta		1,107,895	1,057,895
		1,666,529	1,626,488




Cathaoirleach



Comhalta

12 Meitheamh, 2006



Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam Cánach

Soláthraíonn Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 d'íocaíocht ioncam cánach trí ghnóthas cláraithe don Údarás gach ráithe. Leagann Rialúcháin Chánach, 2001, an tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) an ráta iarbhír don ioncam cánach ar 0.14% de phréimheanna árachas slainte bhunúsacha íoctha do gach gnóthas trachtalá agus srianta in Éirinn.

2. Costais Riaracháin

	2005 €	2004 €
Costais tuarastal agus foirne (oiliúint san áireamh)	447,120	507,740
Luach saothair Chomhaltáí	27,934	27,936
Cíos, Táillí Seirbhísí agus Cothabháil	155,576	174,961
Costais earcaíochta	59,918	5,964
Sainchomhairliúchán (Nóta 3)	688,609	229,545
Árachas	41,088	46,060
Costais Ríomhairearachta agus Stáiseánóireachta	23,453	16,978
Costais Eile Riaracháin	47,402	50,291
Leasa Tomhaltóirí	28,988	26,361
Iníúchadh	10,500	6,600
Dímheas	73,188	81,954
	1,603,776	1,174,390

3. Costais Sainchomhairliúcháin

	2005 €	2004 €
Cuntasaíocht	33,342	37,237
Seirbhísí Achtúireacha	148,988	44,376
Seirbhísí Dleathacha	399,416	103,953
Caidreamh Poiblí	48,927	41,191
Taighde	53,579	(861)
Aoisliúntas	1,059	756
Seirbhísí Aistriúcháin	3,298	2,893
	688,609	229,545

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta	Feistiú Oifige, Trosacán & Trealamh	Iomlán
	€	€	€
Costas			
Ag Nollaig 2003	68,508	326,724	395,232
Breisiúchain le linn na tréimhse	2,550	821	3,371
Ag Nollaig 2005	71,058	327,545	398,603
Dímheas			
Ag 31 Nollaig 2004	53,963	211,916	265,879
Táille don tréimhse	6,905	66,283	73,188
Ag 31 Nollaig 2005	60,868	278,199	339,067
Luach Leabhair Glan			
Ag 31 Nollaig 2005	10,190	49,346	59,536
Ag 31 Nollaig 2004	14,545	114,808	129,353

5. Aisíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe

	2005 €	2004 €
Ioncam fabhraithe	404,621	343,970
Réamhíocaíochtaí	38,989	39,707
	443,610	383,677

6. Creidmheastóirí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2005 €	2004 €
Creidmheastóirí trádála agus fabhruithe	619,199	178,808
Foráil pinsean (Nóta 7)	221,598	172,886
PAYE/PRSI	7,449	12,948
Seirbhísí Gairmiúla le Cáin Shiarchoinneálach	5,488	4,075
Cáin Bhreisluaicha	3,295	3,077
	857,029	371,794

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

7. Foráil Pinsean

Tá próiseas idir lamha ag an Údarás chun an socrú deireanach a dhéanamh faoi scéim sochair pinsin dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhís Poiblí agus táthar ag fanacht ar an chead ón Aire Sláinte agus Leanaí agus ón Aire Airgeadais. Tá ranníocaíochtaí iníoctha don Aire Sláinte agus Leanaí na ranníocaíochtaí fostóra san áireamh ag ráta 16.666% de phá inphinsin agus íoctar iad don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'aontaigh an tAire chun an Bord a aisíoc maidir le sochair íoctha faoin scéim. Tá na méideanna a leanas san áireamh sa cheannteideal, "Tuarastail agus Costais Foirne (oilíúint san áireamh)" (Nóta 2):

	2005 €	2004 €
Ag tús na tréimhse	172,886	108,950
Ranníocaíochtaí Fostaí	13,109	17,210
Ranníocaíochtaí Fostóra	41,819	51,905
Iomlán	227,814	178,065
Líon ganníocaíochta glan Ranníocaíochtaí 2003	-	(1,094)
Aisíocaíocht Ranníocaíochtaí	(6,216)	(8,233)
Aistriú isteach san Fhoráil Pinsean	-	6,708
Aisíoc Dlite	-	(2,560)
Ag deireadh na tréimhse	221,598	172,886

8. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2005 €	2004 €
Ag tús na tréimhse	568,593	287,609
Barrachas don tréimhse	40,041	838,879
	608,634	1,126,488
Aistriú chuig Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(557,895)
Barrachas coinnithe	558,634	568,593

9. Gealltanais Chaipitil


Níl gealltanais chaipitil do chaiteachas caipitil ag 31 Nollaig 2005.

10. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh dliteanais theagmhasacha ann ag 31 Nollaig 2005.

11. Ceadú Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Comhaltaí an Údaráis na Ráitis Airgeadais ar 12 Meitheamh, 2006.



Aguisín A

Tábla 1:

Staitisticí a Bhaineann le Margadh Árachas Sláinte Priobháideach in Éirinn

Comhaltas (1)	31-Nollaig-01	31-Nollaig-02	31-Nollaig-03	31-Nollaig-04	31-Nollaig-05
Líon Iomlán Daoine Árachaithe (oo)	1,871	1,941	1,999	2,054	2,115
Cumhdach Árachas Sláinte Priobháideach mar % den Daonra Iomlán (2)	48.2%	49.2%	49.8%	50.4%	50.6%
Préimh-Ioncaim	2001 (3)	2002	2003	2004	2005
Préimh-Ioncaim Iomlán (€)	537.4	821.9	978.2	1,061.1	1,152.7

- (1) Baineann gach uile fhigiúr le margadh sláinte árachas priobháideach iomlán, i.e. gnóthais tráchtála agus srianta.
- (2) Tá líon iomlán Daonra bunaithe ar meastacháin CSO daonra agus idirshliocht/eachtarshliocht.
- (3) Baineann préimhfhiúir do 2001 leis an tréimhse Aibreán-Nollaig amháin.

Aguisín B

An Clár Gnóthais Sochair Sláinte (ag 31 Nollaig, 2005)

Gnóthais Tráchtála

1. BUPA Insurance Limited
2. The Voluntary Health Insurance Board
3. VIVAS Insurance Limited

Gnóthais Shrianta

1. C.I.E Clerical Staff Hospital Fund
2. ESB Marina Staff Medical Provident Fund
3. ESB Staff Medical Provident Fund
4. Health Shield Friendly Society Limited
5. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund
6. Irish Life Medical Aid Society
7. Motorola Medical Aid Society
8. New Ireland/Irish National Staff Benevolent Fund
9. Prison Officers Medical Aid Society
10. Royal & Sun Alliance (Poblacht na hÉireann) Staff Medical Expenses Scheme
11. St Paul's Garda Medical Aid Society
12. The Goulding Voluntary Medical Scheme